Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2023
(OR. en)

9116/23

LIMITE

CORLX 497
CFSP/PESC 714
CSDP/PSDC 386
COPS 252
CSC 239

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis na hiarmhairtí a ghabhann leis an Danmhairg a bheith tar éis a chur in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge |

1. De bhun Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go dtí an 30 Meitheamh 2022, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú, glacadh ná cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais bunaithe ar Airteagal 26(1), Airteagal 42 agus Airteagail 43 go 46 CAE a raibh impleachtaí cosanta acu. Go dtí an dáta céanna, níor rannchuidigh an Danmhairg le maoiniú an chaiteachais oibríochtúil a d'eascair as na bearta sin agus níor chuir sí cumais mhíleata ar fáil don Aontas.

2. An 1 Meitheamh 2022, reáchtáladh reifreann sa Danmhairg maidir leis an díolúine ó rannpháirtíocht i gcinntí agus i ngníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu, a leagtar síos in Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22, a chúlghairm.

3. An 20 Meitheamh 2022, trí bhíthin litreach óna hAire Gnóthaí Eachtracha, chuir an Danmhairg in iúl do na Ballstáit eile, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Phrótacal Uimh. 22, nár mhian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 ón 1 Iúil 2022.

4. An 4 Bealtaine 2023, chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na hiarmhairtí a ghabhann leis an Danmhairg a bheith tar éis a chur in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528, chomh maith le Cinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/555/CBES maidir le bunú Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (9040/23).

PUBLIC

5. An 8 Bealtaine 2023, chomhaontaigh Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

6. Sna himthosca sin, iarrtar ar Coreper an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle a dhearbhú;

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir leis na hiarmhairtí a ghabhann leis an Danmhairg a bheith tar éis a chur in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána agus Cinneadh 2014/401/CBES maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach in 9047/23 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

– a chinneadh an Cinneadh ón gComhairle a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.